# CINNEADH (CBES) 2022/573 ÓN gCOMHAIRLE

## an 7 Aibreán 2022

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/538 mar thaca le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Aibreán 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/538 ([1]) mar thaca le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta.

(2) An 9 Feabhra 2022, d'iarr OPCW, atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/538, go gcuirfí síneadh 12 mhí, go dtí an 30 Aibreán 2023, le tréimhse chur chun feidhme an Chinnidh sin. Leis an síneadh a iarradh, cuirfear ar chumas OPCW tionchar phaindéim COVID-19 ar chur chun feidhme tionscadal sonrach a mhaolú.

(3) Ní bheidh aon impleacht, a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais de, le leanúint de chur chun feidhme na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/538 go dtí an 30 Aibreán 2023.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/538 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2019/538, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 2:

"2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 30 Aibreán 2023.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 7 Aibreán 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. DENORMANDIE

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/538 ón gComhairle an 1 Aibreán 2019 mar thaca le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 93, 2.4.2019, lch. 3).